**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 18

# Seirbhísí Roinnte

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 18. Tá sé de chúram orm an cuntas leithreasa a ullmhú le haghaidh an Vóta, agus an cuntas a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 maidir le tuarastail agus costais na Seirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear an t-aschur caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €5.6 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Bunú an Vóta**

I mí Feabhra 2012, thug an Rialtais sainordú chun Seirbhísí Comhroinnte a chur i bhfeidhm chun tacú le Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí (2011). In 2013, cruthaíodh Vóta nua, 18, chun tacú le clár Seirbhísí Comhroinnte na Státseirbhíse a bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as. Tabharfaidh an Vóta tiomnaithe sin trédhearcacht freisin ar chúrsaí caiteachais agus ar mhaoiniú lárionaid seirbhísí comhroinnte de réir mar a bheidh feidhm leo.

I mí Iúil 2013, cheadaigh an Rialtas Beartas Rialachais maidir le Seirbhísí Comhroinnte. Gné lárnach den bheartas is ea an rún atá ann an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte a bhunú faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus é sin a dhéanamh ar bhonn neamh-reachtúil ar dtús. Beidh sé sin á stiúradh ag an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a bheidh mar Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta, nuair a bheidh sé bunaithe mar aonán dlíthiúil ar leithligh agus, ag teacht leis an gcur chuige atáthar a ghlacadh chun an Oifig um Sholáthar Rialtais a bhunú.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 18.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Seirbhísí Roinnte

27 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Méan Fomhair 2014

# Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | PeoplePoint | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 11,975 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 556 | 12,531 | 11,842 |
| B | Tionscadail eile Seirbhísí Roinnte | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 9,344 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (555) | 8,789 | 3,822 |
| | **Ollchaiteachas** | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 21,319 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 1 | **21,320** | **15,664** |
| | *Asbhain* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **300** | **282** |
| | **Glanchaiteachas** | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 21,019 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 1 | | |
| | | | **21,020** | **15,382** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 |
|---|---|
| | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,637,926 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 6,504 | 5,050 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 10 | 2 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 10 | 5 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 54 | 53 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 81 | 53 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 105 | 102 |
| | | 6,764 | 5,265 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 10,399 |
| Pá | | 5,050 |
| Neamhphá | | 215 |
| **Ollchaiteachas** | | **15,664** |
| *Asbhain* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **282** |
| **Glanchaiteachas** | | **15,382** |
| | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (1,152) | |
| Dímheas | 353 | |
| | | (799) |
| | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | |
| Mhéadú sna Fabhruithe Deiridh | 181 | |
| Mhéadú stoic | (2) | |
| | | 179 |
| **Caiteachas díreach** | | **14,762** |
| | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 675 |
| **Costas glan clár** | | **15,437** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 18 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2013 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 129 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 546 |
| | | 675 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

Mhol an OECD gur chóir samhlacha maoinithe le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte san earnáil phoiblí a thionscnamh as an nua a mhaoiniú ar dtús báire ón Rialtas láir d'fhonn cuntasacht as feidhmiú éifeachtúil an Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte a chinntiú. Mhol siad freisin ina dhiaidh sin, go gcuirfí iallach ar 'cliant' Ranna 'íoc' as na seirbhísí arna soláthar ag na Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte sin trí ath-leithdháileadh idir-aireachta na n-acmhainní a bhí i gceist. Rinneadh measúnú mionsonraithe ar na roghanna agus thángthas ar mholadh agus chuir an tArd-Rúnaí é sin in iúl do ranna a bhí ina gcustaiméirí acu.

In 2014, tar éis tréimhse cobhsaithe, tá sé i gceist go gcuirfear muirear cuí trí aistriú buiséid thar ranna custaiméirí a bhaineann leas as seirbhísí PeoplePoint i bhfeidhm, toisc nach mbeidh gá do na ranna sin na seirbhísí sin a sholáthar iad féin. Tá sé i gceist go mbeidh an rannchuidiú ar fud na ranna custaiméirí go léir agus na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí a bhaineann leas as na seirbhísí sin bunaithe ar chomhaireamh cloiginn comhréireach.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,421 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | | 260 |
| Stoic | | 2 |
| Réamhíocaíochtaí | | 139 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 31 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **432** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fhabhraithe | | 320 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 273 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 18 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **611** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **(179)** |
| **Glansócmhainní** | | **1,242** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Cuntas um maoiniú stáit** | 2.1 | **1,242** |

| **2.1 Cuntas um maoiniú stáit** | **Nóta** | | **2013** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 21,020 | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (5,638) | |
| Vóta glan | | | 15,382 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 675 |
| Caiteachas neamh-airgid - sócmhainní aistrithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | | | 622 |
| Costas glan clár | 1 | | (15,437) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,242** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | — | — | — | — |
| Breiseanna | 780 | 337 | 35 | 1,152 |
| Sócmhainní aistrithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 777 | — | — | 777 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 1,557 | 337 | 35 | 1,929 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | — | — | — | — |
| Dímheas ar shócmhainní a aistríodh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 155 | — | — | 155 |
| Dímheas don bhliain | 312 | 34 | 7 | 353 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2013 | 467 | 34 | 7 | 508 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **1,090** | **303** | **28** | **1,421** |

## 2.3 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 |
|---|---|
| | €000 |
| Tuarastail In-Fhorchúitithe | 28 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 3 |
| | 31 |

## 2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 |
|---|---|
| | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | |
| Cáin Ioncaim | 54 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 56 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 95 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 16 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 25 |
| | 247 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 2 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 24 |
| | 273 |

## 2.5 Glandliteanas don/(ón) Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 |
|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,638 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (5,620) |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 18 |

**Arna léiriú ag:**

| | |
|---|---|
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 260 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 31 |
| | 291 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (247) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (26) |
| | (273) |
| | 18 |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 |
|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 1,395 |

## 2.7 Dliteanais Aibithe

B'ionann suim iomlán na ndliteanas aibí neamhghlanta amhail an 31 Nollaig, 2013 agus €42,066.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **PeoplePoint** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 5,700 | 5,050 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 260 | 215 |
| A.3 | Cur ar bun an tionscadail seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 6,015 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 556 | 6,571 | 6,577 |
| | | | **12,531** | **11,842** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €688,449 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 650 | Tharla an t-athraitheas toisc gur fostaíodh baill foirne níos déanaí sa bhliain ná mar a raibh coinne leis agus mar gheall ar an moill ar earcaíocht an tráinse deiridh foirne. |
| Cur ar bun an tionscadail seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna | (6) | Ba €6 mhilliún an chéad bhuiséad a bhí i gceist. Cuireadh méadú €556,000 air sin sa mheastachán forlíontach mar gheall ar phlé a rinne Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais ar chostas aonuaire maidir le ceadúnú a raibh coigilteas don Stát de thoradh air ach ar cuireadh dlús faoi chaiteachas go dtí 2013 mar thoradh air agus go ndearnadh athaicmiú ar an gcaiteachas mar chaiteachas caipitil |

| | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Tionscadail eile Seirbhísí Roinnte** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 804 | — |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | — | — |
| B.3 | Seirbhísí comhroinnte párolla – costais a bhain le togra a chur ar bun | | 4,345 | 3,559 |
| B.4 | Bainistíocht airgeadais agus baincéireacht – costais tionscnaimh | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 4,195 | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (555) | 3,640 | 263 |
| | | | **8,789** | **3,822** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €4.97 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 804 | Cuireadh siar dáta tosaithe an tionscadail seo, agus dá bharr sin aistríodh baill foirne oibríochtaí amach sa bhliain. Ní dhearna na ranna tionscnaimh iarracht na costais a fhorchúiteamh mar gheall ar aistriú déanach na mball foirne. |
| Seirbhísí comhroinnte párolla – costais a bhain le togra a chur ar bun | 786 | Bhí cinneadh an Rialtais dul ar aghaidh leis an tionscadal níos déanaí ná mar a raibh coinne leis agus bhí tionchar díreach aige sin ar mhíreanna costais áirithe. |
| Bainistíocht airgeadais agus baincéireacht – costais tionscnaimh | 3,377 | Spáráladh airgead toisc nár leanadh leis an tionscadal baincéireachta thar chéim na bonnlíne. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2013 | |
|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 290 | 260 |
| 2. | Ilghnéitheach | 10 | 22 |
| | **Iomlán** | **300** | **282** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%. Mar sin féin, níor chomhlíon aon aschur ar an vóta seo na critéir sin in 2013.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 |
|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 203 |

| | **2013** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá[1] | 5,781 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 4 |
| Liúntais eile | 2 |
| Ragobair | 1 |
| ÁSPC an Fhostóra | 431 |
| **Pá iomlán** | **6,219** |

[1] Áirítear pá leis an bhfigiúr maidir le pá iomlán i bhfo-cheannteidil A.1, A.3, B.3 agus B.4.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|
| | | | **2013** |
| | | | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 3 | — | 3,808 |
| Liúntais eile | 5 | — | 1,137 |
| Ragobair | 3 | — | 227 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.